

Thar barr ar fad

- ✓ Taispeánann an scoláire deisbhéalaí agus muinín ó thaobh na cumarsáide de, léiríonn sé eolas fíorchuimsitheach ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair an-mhaith.
- ✓ Taispeántar cruthaitheacht san ábhar tacaíochta a roghnaíodh agus baintear leas an-éifeachtach as chun an lucht féachana a mhealladh.
- ✓ Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán den scoth, léirítear go soiléir an chaoi ar fhorbair nó ar athraigh tuairim an scoláire de réir a chéile.

Os cionn na n-ionchas

- ✓ Déanann an scoláire cumarsáid shoiléir, inniúil agus mhuiníneach, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair go maith.
- ✓ Tá an t-ábhar tacaíochta roghnaithe go maith chun spéis a mhúscailt sa lucht féachana, taispeántar roinnt cruthaitheachta.
- ✓ Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán an-ard.

Ag teacht leis na hionchais

- ✓ Déanann an scoláire cumarsáid mhaith, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, ach níl dóthain muiníne aige agus tá an cur i láthair doiléir in áiteanna.
- ✓ Tá an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh oiriúnach ach ní bhaintear leas iomlán as.
- ✓ Taispeánann an scoláire go bhfuil sé in ann machnamh a dhéanamh ar a dhearcadh féin ar an ábhar

Níor chomhlíon na hionchais go fóill

- ✓ Ní dhéanann an scoláire cumarsáid go soiléir ná go muiníneach, léiríonn sé eolas an-teoranta ar an ábhar, agus níl struchtúr an chuir i láthair go maith.
- ✓ Úsáidtear an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh ar bhealach bunúsach.
- ✓ Tá machnamh an scoláire ar an ábhar caol agus ar dhroch-chaighdeán.